

Oifigeach Áiseanna (Bainisteoir Fáilteachais) (Cléireach Oibreacha Sinsearach)

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post seo a leanas a líonadh: **Oifigeach Áiseanna (Bainisteoir Fáilteachais) (Cléireach Oibreacha Sinsearach)** in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Is post lánaimseartha ar chonradh buan an post seo agus líonfar é trí agallaimh iomaíocha oscailte.

Cuspóir an Phoist

Na Leas-Bhainisteoirí Fáilteachais agus foirne Oifigigh Cuairteoirí agus Slándála a stiúradh, a threorú, a bhainistiú agus tacú leo eispéireas na gcuairteoirí a sholáthar. Comhoibriú leis an bhfoireann Eastát agus rannáin AMÉ eile chun tionscadail, cláir, beartais agus nósanna imeachta eile de chuid AMÉ a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an gcuid folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chríochnaithe (Aguisín 4), CV suas chun dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **[Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.](#)**

Ní mór don fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach [Folúntais](#).

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.

- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin AMÉ chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach [Folúntais](#), aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an seiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

Spriocdháta le haghaidh Iarratais

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00
Dé hAoine, an 18 Iúil 2025**

Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú ina thoradh ar chanbhasáil.**